



Tuisint & forbairt foclóra

Gabh i leith; slabáil chainte; éirigh as; lonrú; ag cur do shúile thar do chuid; Saibhreas teanga – an focal ‘dearg’



Feasacht teanga

Fuaimniú an bhriathair san aimsir fháistineach



Scileanna cumarsáide

Ag plé cúrsáí cliúsaíochta

Nóta: Tá an ceacht seo bunaithe ar fhiseán 8 den tsraith SnasTV Ros na Rún. D’fhéadfá na cleachtaí a dhéanamh i seomra ranga nó mar chuid den fhoghlaim neamhspleáach, tar éis duit féachaint ar an bhfiseán.

A. Tuisint & forbairt foclóra

1. Líon na bearnaí sa script leis na focail chuí ón mbosca.

Éirigh as	gabh i leith	a ghoid
réalt na maidine thú	slabáil chainte	de chumas
ní sciobfaidh tú	ag lonrú liom	deargamadán
ag cur do shúile thar do chuid		

Tadhg: Cén chaoi a bhfuil Crystal *chandelier* inniu?

Crystal: _____ mar is gnách!

Tadhg: Is gearr le _____.

Sonny: Is dóigh nach rud nua é...tusa _____.

Tadhg: Cén sórt _____ atá anois ort?

Sonny: Níor éirigh leat mo chuid talaimh _____, agus _____ mo bhean chéile ach an oiread.

Tadhg: Do ... Do bhean chéile...

Sonny: _____ do chuid plámáis sula ndéanfaidh tú _____ díot féin. Ní raibh sé _____ ariamh ortsá bean ar nós Crystal a mhealladh! Anois _____, a leanbh.

2. Abairtí a chumadh

Chonaic muid sa mhír go gciallaíonn ‘éirigh as’ *quit* nó *stop*, agus gurb é an bhrí atá le ‘éirigh le’ *ná succeed*. Cuir na briathra frásacha seo in abairtí lena mbrí a léiriú.

teip ar: _____

tabhair faoi: _____

éirigh idir: _____

cuir faoi: _____

caith le: _____

bain le: _____

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

3. Saibhreas teanga: Focail agus frásáí a bhfuil dathanna iontu

(a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachraigí ar na focail agus frásáí thíos, a bhfuil an focal ‘dearg’ mar chuid díobh. Bhí cuid acu le cloisteáil sa mhír.’

Glacaigí sealanna brí na bhfocal agus na bhfrásáí a mhíniú dá chéile agus a chur in abairtí.

Mar shampla, an focal *deargamadán*:

Ciallaíonn *deargamadán amadán mór*, nó *pleota mór* nó *bómán*.

Abairt shamplach: ‘Ná déan *deargamadán* díot féin!'

- dearg-ghráin
- ádh dearg
- cosán dearg
- cogadh dearg
- ar deargbhuile
- náire dhearg
- scrios dearg

(b) Mar a chonaic muid leis an bhfocal ‘dearg’, bíonn bunchíall ag focail, ach is minic a bhíonn bríonna eile leo freisin. Cad is brí leis na focail ‘dubh’ agus ‘bán’ sna sampláí thíos?

- Tá sí imithe gan dubh gan dath.
- Bíonn sé ag obair ó dhubbh go dubh.
- Bhí an chathair dubh le daoine.
- Tá an áit bánaithe.
- Chuirfeadh sé an dubh ina bhán ort.
- Mo ghrá bán/ mo chailín bán.
- Tá béal bán aige.

B. Feasacht teanga: cúrsaí foghraíochta

1. Abair amach ...

Abair amach na briathra seo thíos os ard leis an duine in aice leat. Déanaigí plé ar na hathruithe foghraíochta a thagann orthu san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach:

sciob, ag sciobadh, sciobann, sciobfaidh, sciobfainn
fág, ag fágáil, fágann, fágfaidh, d'fhágfainn
tóg, ag tógáil, tógann, tógfaidh, thógfadh
féad, féadann, féadfaidh, d'fhéadhfá

Agus, cad faoi na cinn seoanois:

scuab, ag scuabadh, scuabann, scuabfaidh, scuabfainn
spreag, ag spreagadh, spreagann, spreagfaidh, spreagfad
tréig, ag tréigeadh, tréigeann, tréigfidh, thréigfeadh
druid, ag druid, druideann, druidfidh, dhruidfeadh

2. Fuaimniú briathra san aimsir fháistineach:

Téigh go dtí an suíomh www.fuaimeanna.ie agus cuir na briathra seo a leanas isteach sa bhosca cuardaigh ‘text’: déanfaidh, bainfidh, dúnfaidh, léimfidh, buailfidh

Éist leis na briathra sna trí chanúint. Cé nach bhfuaimnítear na focail ar an mbealach céanna sna canúintí, tá fuaim nó litir amháin nach bhfuaimnítear in aon chanúint. Cad é?

3. Saoire a phleanáil

Tá tú féin agus do chairde ag pleánáil saoire. Bígí ag caint le chéile faoi na rudaí ar fad a dhéanfaidh sibh, mar shampla, *rachaimid ag snámh, caithfimid cúpla lá ar an trá, déanfaimid turas treoraithe...* Bíodh na pointí foghraíochta thusa ar intinn agaibh agus sibh ag caint.

C. Cumarsáid: Cliúsaíocht

Pléigh na ceisteanna thíos faoi chúrsaí cliúsaíochta leis na daoine eile sa ghrúpa.

1. Conas a dhéanfá cur síos ar an stíl chliúsaíochta a bhí ag Tadhg agus Crystal sa mhír? Cad é do thuairim féin ar an stíl a bhí acu? Cén fáth?
2. An mar sin a bhíonn daoine ag cliúsaíocht lena chéile sa ghnáthshaol? Cad iad na nósanna eile a bhíonn ag daoine le bheith ag cliúsaíocht?
3. Is é ‘briathra meala’ an frása atá ar ‘chat-up line’ ar www.focloir.ie. Cad iad na briathra meala is fearr agus is measa atá cloiste agat i do shaol féin nó ar an teilihís/ i scannáin?
4. An mbaintear úsáid as an teanga chéanna nuair a bhíonn daoine ag cliúsaíocht ar líne agus nuair a bhíonn siad ag cliúsaíocht os comhair a chéile? An féidir samplaí a thabhairt?

Treoracha agus freagraí samplacha ar na cleachtaí

A. Tuiscint & forbairt foclóra

1. Líon na bearnaí:

- Tadhg: Cén chaoi a bhfuil Crystal *chandelier* inniu?
Crystal: **Ag lonrú liom** mar is gnách!
Tadhg: Is gearr le **réalt na maidine** thí.
Sonny: Is dóigh nach rud nua é...tusa **ag cur do shúile** thar do chuid?
Tadhg: Cén sórt **slabáil chainte** atá anois ort?
Sonny: Níor éirigh leat mo chuid talaimh **a ghoid**, agus **ní sciobfaidh tú** mo bhean chéile ach an oiread.
Tadhg: Do ... Do bhean chéile...
Sonny: **Éirigh as** do chuid plámáis sula ndéanfaidh tú **deargamadán** díot féin. Ní raibh sé **de chumas** ariamh ortsá bean ar nós Crystal a mhealladh!
Anois **gabh i leith**, a leanbh.

2. Abairtí a chumadh:

Má bhíonn deacracht agat féin abairtí a chumadh chun brí na mbriathra frásacha a léiriú, is féidir abairtí samplacha a aimsiú ar www.focloir.ie nó ar an suíomh www.gaois.ie.

3. Saibhreas teanga: Focail agus frásáí a bhfuil dathanna iontu

a) Dearn:

- deargamadán – *mighty idiot*: Ná déan deargamadán díot féin.
- dearg-ghráin – *hatred*: Tá an dearg-ghráin aici ar an obair bhaile.
- ádh dearg – *good luck*: Bhí an t-ádh dearg orainn.
- cosán dearg – *beaten path*: Tá cosán dearg déanta aige chuig an leabharlann.
- cogadh dearg – *bloody war*: Bhí sé ina chogadh dearg eatarthu.
- ar deargbhuile – *raging*: Tá sí ar deargbhuile liom.
- náire dhearg – *scarlet embarrassment*: Mo náire dhearg iad!
- scrios dearg ar – *blast, to hell with*. Scrios dearg orthu!

b) Dubh agus bán:

- Tá sí imithe gan dubh gan dath – *She's gone without a trace*.
- Bíonn sé ag obair ó dhubbh go dubh – *He works from dawn to dusk*.
- Bhí an chathair dubh le daoine – *The city was packed with people*.
- Tá an áit bánaithe – *The place is deserted*.
- Chuirfeadh sé an dubh ina bhán ort – *He would persuade you that black was white*.
- Mo ghrá bán/mo chailín bán – *My beloved./My darling girl*.
- Tá béal bán aige – *He's a smooth talker*.

B. Feasacht teanga: cúrsaí foghraíochta

1. Abair amach:

Athraíonn an fhuaim **b** go dtí **p** san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach:

Fuaim b

sciob**b**, ag sciobadh, sciobann
scuab**b**, ag scuabadh, scuabann

Fuaim p

sciobfaidh, sciobfainn
scuabfaidh, scuabfadh

Athraíonn an fhuaim **g** go dtí **c** san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach:

Fuaim g

fág, ag fágáil, fágann
tóg, ag tógáil, tógann
spreag, ag spreagadh, spreagann
tréig, ag tréigeadh, tréigeann

Fuaim c

fágfaidh, d'fhágfainn
tógfaidh, thógfadh
spreagfaidh, spreagfadh
tréigfidh, thréigfeadh

Athraíonn an fhuaim **d** go dtí **t** san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach:

Fuaim d

féad, féadann
druid, ag druid, druideann

Fuaim t

féadfaidh, d'fhéadfá
druidfidh, dhruidfeadh

2. Foghraíocht san aimsir fháistineach:

Ní fhuaimnítear an litir ‘f’ san aimsir fháistineach: déanfaidh, bainfidh, dúnfaidh, léimfidh, buailfidh.

3. Saoire a phleanáil: Cleachtadh beag cainte.

C. Cumarsáid

Pléigh: Deis chainte atá anseo.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscoláiochta



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bpobal





Ceacht 8: Script an fhíséáin

“Gabh i leith, a leanbh!”
Ag cliúsaíocht sa Ghaeilge

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún.

Ceacht a hocht: Gabh i leith, a leanbh – ag cliúsaíocht sa Ghaeilge

Intreoir:

Tá spéirbhean nua, Crystal, tar éis leaindeáil i Ros na Rún agus tá nóisean ag Tadhg di. Ach níl a fhios ag Tadhg go fóill go bhfuil Crystal pósta le Sonny, col ceathrar leis atá tar éis teacht abhaile as Meiriceá le déanaí. Tá sé ina chogadh dearg idir an bheirt fhear faoi láthair, agus iad ag troid faoi thalamh a muintire. *Tadhg has taken a fancy to the new gal in town. She's very attractive. But little does Tadhg know she's married to Sonny – his long-lost cousin who is laying claim to the family land.* Sa mhír seo tá náire ar Thadhg nuair a thagann Sonny air ag cliúsaíocht nó ag flirteáil le Crystal. *He's a bit embarrassed when Sonny catches him flirting with his wife.* Ná bí buartha mura dtuigeann tú gach rud, rachaidh muid tríd céim ar chéim ar ball beag.

An mhír ó Ros na Rún:

- | | |
|----------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tadhg: | Cén chaoi a bhfuil Crystal <i>chandelier</i> inniu? |
| Crystal: | Ag lonrú liom mar is gnách! |
| Tadhg: | Is gearr le réalt' na maidine thú. |
| Sonny: | Is dóigh nach rud nua é...tusa ag cur do shúile thar do chuid? |
| Tadhg: | Cén sórt slabáil chainte atá anois ort? |
| Sonny: | Níor éirigh leat mo chuid talaimh a ghoid, agus ní sciobfaidh tú mo bhean chéile ach an oiread. |
| Tadhg: | Do ... Do bhean chéile... |
| Sonny: | Éirigh as do chuid plámaí sula ndéanfaidh tú deargamadán díot féin. Ní raibh sé de chumas ariamh ortsá bean ar nós Crystal a mhealladh!
Anois gabh i leith, a leanbh! |

Ar thuig tú?

Cén chaoi a bhfuil Crystal *chandelier* inniu? Tá Tadhg chomh sásta leis féin as an imeartas focal seo, *a nice play on words to impress Cyrstal chandelier.*

Shining away as usual, she replies. Ag lonrú liom mar is gnách. Is léir go bhfuil seantaithí ag an bhean seo ar fhir a bheith ag cliúsaíocht léi. *She's no stranger to flirtation.*

Is leor an freagra beag seo le Tadhg a ghríosadh chun filíochta. *With Crystal's encouragement, Tadhg goes full Don Juan.* Is gearr le réalt' na maidine thú. *You're like a morning star.* 'Is gearr le' a deirtear anseo, ach tá an leagan 'Is geall le' beagán níos coitianta. Is geall le, *you're like.* Is geall le file anois é Tadhg s'againne.

... ag cur do shúile thar do chuid? *To be eyeing up other people's property.* Ag cur do shúile thar do chuid – *when your eyes are bigger than your stomach*, nuair a bhíonn tú ag santú rudaí nach leatsa iad.

Óró a Thaidhg. Ní bhaintear an chaint de Thadhg go minic. *He's not often at a loss for words.* Cén sórt slabáil chainte atá anois ort? Slabáil chainte nó seafóid.

Is dócha nach bhfuil Sonny ar mire le Tadhg as a bheith ag cliúsaíocht lena bhean ach go bhfuil bród air. Ní sciobfaidh tú – *you won't scoop up or steal my wife.* Níor éirigh leat mo chuid talaimh a ghoid, agus ní sciobfaidh tú mo bhean chéile ach an oiread. *You didn't manage to steal my land, and you won't run off with my wife either.* Dhá fhocal éagsúla ar ‘steal’ ansin – rud a sciobadh agus rud a ghoid.

Éirigh as do chuid plámáis sula ndéanfaidh tú deargamadán díot fhéin. Bhí ‘éirigh le’ againn ar ball – *to succeed* agus anois molann Sonny do Thadhg ‘éirí as’ – *to stop or quit.* Plámás – *sucking up, flattery, chatting up.* Bíonn an focal sin le cloisteáil i mBéarla na hÉireann freisin, agus ní i gcónaí a bhíonn na hÉireannaigh róthógtha lena leithéid. Dearchamadán - *a right fool.*

Ní raibh sé de chumas ariamh ortsá bean ar nós Crystal a mhealladh! *You never had it in you to get a woman like Crystal.* Muise, ní chuireann an Sonny seo fiacail ann! *He doesn't pull any punches.*

Anois gabh i leith, a leanbh, a deir sé. Gabh i leith, gabh anseo, mar a deirtear ó thuaidh – come here. Gabh i leith, a leanbh. *C'mon babes.*

Spotsolas ar an saibhreas teanga:

Anois, caithfidh muid spotsolas ar an saibhreas teanga. Uaireanta bíonn daoine ag ceapadh gurb ionann an saibhreas teanga agus cúpla seanfhocal a úsáid sa chaint. Ach, sa Ghaeilge, an rud a bhíonn i gceist le saibhreas teanga go minic ná focal simplí a úsáid ar bhealaí éagsúla.

Sampla maith atá san fhocal dearg a bhí le cloisteáil sa mhír seo. Is í bunbhrí an fhocail ná an dath dearg – *red*, ar ndóigh, ach bíonn i bhfad níos mó i gceist ná an dath go minic. Nuair a úsáidtear an focal ‘dearg’ le focail nó frásáí áirithe sa Ghaeilge, is minic a léiríonn sé gur rud iontach diúltach nó tromchúiseach atá i gceist. Dearchamadán a thug Sonny ar Thadhg sa mhír seo. *A right eejit.* Tá an ghráin dearg ag an bheirt fhear seo ar a chéile, *they really hate each other*, agus tá sé ina chogadh dearg eatarthu anois. *They're at each other's throats.* Tá Tadhg ar deargbhuiile faoin scéal uilig, *he's raging*, agus tá náire dhearg anois air freisin. *He's absolutely scarlet!*

Ar thug tú faoi deara?

Ar thug tú faoi deara an bealach ar dhúirt Sonny an briathar ‘sciob’ san aimsir fháistineach. Éist go cúramach arís...

Ní sciobfaidh tú mo bhean chéile ach an oiread. Sciob – sin fréamh an bhriathair, le fuaim b ag an deireadh, ach sciobfaidh a deirtear san aimsir fháistineach, le fuaim p seachas b. Sciob, Sciobann ach Sciobfaidh. Is rud é seo a tharlaíonn go rialta nuair a chríochnaíonn fréamh an bhriathair ar ‘b’.

Tarlaíonn an rud céanna le briathra a chríochnaíonn ar ‘g’. Athraíonn sé go ‘c’ san aimsir fháistineach. Fág, Fágann ach Fágfaidh. Tóg, tógann, tógfaidh

Athraíonn fuaim na litreach ‘d’ go ‘t’ freisin. Féad, féadann ach Féadfaidh, nó D’fhéadfainn, D’fhéadfá sa mhodh coinníollach.

Anois d'fhéadfá dul siar ar an mhír uilig agus éisteacht leis na rudaí ar fad atá foghlamtha agat. Más mian leat an script a fheiceáil nó tuilleadh cleachtaí a dhéanamh ar ábhar an cheachta, téigh go dtí snas.ie.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meáin
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscoláiochta



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bpobal



Crannchur
Náisiúnta